A thuismitheoirí, a chairde,

Cuirtear i gcuimhne daoibh go bhfuil an carrchlós sa champas ann do bhaill foirne agus oibrithe sa scoil. Tá spás fágtha le cón air d'áit don ghlantóir a thagann ag obair ag 1.30. Is minic go mbogtar an cón agus nach mbíonn spás páirceála aici nuair a thagann sí ag obair / *Please remember that the car park is for staff member only and people working in the building. There is a space kept with a cone in front for our cleaner who comes in a 1.30. Unfortunately, the cone is frequently moved and the space taken, leaving the cleaner with nowhere to park. Please leave the space available for the cleaner.*

Ag deireadh an lae naíonáin, iarrtar ar thuismitheoirí aire ceart a thabhairt dá bpáistí ar an mbealach amach ón scoil. Ná ligigí dóibh rith ar aghaidh le bhur dtoil agus ná ligigí dóibh dreapadh ar na ráillí taobh leis an ngeata mór. / *At the end of the infant day, ie. 1.30pm, parents are asked to keep a close eye on their children when leaving the school. Please do not let them run on ahead or climb on the railings beside the large black gate.*

Mar eolas daoibh, tá campa samhraidh na scoile lán ag an bpointe seo. / *For your information, the school summer camp is now fully booked.*

Go n-éirí le daltaí rang 6 agus iad ag dul go dtí an Ghaeltacht amárach thar oíche agus go raibh maith ag na múinteoirí atá ag dul leo. / *I hope that the pupils in Rang 6 have a great time in the Gaeltacht on Thursday and Friday and a big thank you to the teachers who are travelling with them.*

Go n-éirí leis na páistí i Rang 2 Abby, a bheidh ag glacadh leis an gCéad Chomaoineach ar an Satharn, an 28-05-22. / *We wish the children in Rang 2 Abby, who are making their First Communion this Saturday, the very best.*

Cur i gcuimhne go mbeidh an scoil dúnta ar an 3ú & 6ú Meitheamh, chomh maith leis an 13ú Meitheamh. /*This is a reminder that the school will be closed on the 3rd & 6th June and also on the 13th of June.*

Comghairdeas leis foireann peile na mbuachaillí, foireann peile na gcailíní agus an fhoireann chamógaíochta as iarracht den scoth a dhéanamh ina gcomórtais cé nár éirigh leo an chraobh a shroichint. Míle buíochas leis na múinteoirí go léir as a gcuid ama a thabhairt go fial is go flaithiúil i mbun traenála agus le linn cluichí agus leis na tuismitheoirí a thug an-tacaíocht. Go n-éirí leis na buachaillí inniu ina gcluiche leath-cheannais iománaíochta. / *Congratulations to the boys' and girls' football teams and the camogie team for their valiant efforts over the past few weeks. Even though they didn't reach the finals, we are very proud of them. A big thank you to all the teachers who willingly gave their time and to the parents for your wonderful support. The best of luck to our hurlers who will be playing in their semi-final today.*

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)